



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2017
(OR. en)

9480/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0360 (COD)

EF 103
ECOFIN 434
CCG 16
CODEC 873

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis an idirthréimhse ina maolófar an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9 ar chistí dílse agus an tionchar a bheidh ag láimhseáil neamhchosaintí móra i gcás neamhchosaintí áirithe san earnáil phoiblí a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile de chuid na mBallstát iad (an chéad léamh) = Comhréiteach ón Uachtaránacht

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh deiridh ón Uachtaránacht le haghaidh Coreper maidir leis an togra thuasluaite ón gCoimisiún.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis an idirthréimhse ina maolófar an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9 ar chistí dílse agus an tionchar a bheidh ag láimhseáil neamhchosaintí móra i gcás neamhchosaintí áirithe san earnáil phoiblí a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile de chuid na mBallstát iad

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An 24 Iúil 2014, d'fhoilsigh an Bord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta *Ionstraimí Airgeadais* Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9. Is é is aidhm don chaighdeán feabhas a chur ar an tuairisciú airgeadais a dhéantar le hionstraimí airgeadais trí aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a tháinig chun cinn sa réimse sin le linn na géarchéime airgeadais. Go háirithe, is freagairt é IFRS 9 don iarraidh ó G20 dul i dtreo samhla a bheidh dírithe níos fearr ar an todhchaí lena sainaithneofar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais. A mhéid a bhaineann leis na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais a shainaithint, cuirtear IFRS 9 in ionad Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS) 39.
- (2) Ghlac an Coimisiún Eorpach IFRS 9 trí Rialachán (CE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún³. I gcomhréir leis an Rialachán sin, ceanglófar ar gach institiúid a bhaineann úsáid as IFRS chun a ráitis airgeadais a ullmhú IFRS 9 a chur i bhfeidhm ón gcéad lá den chéad bhliain airgeadais a bheidh ag an institiúid dar tús an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh.
- (3) D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú suntasach ar sholáthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha le cur i bhfeidhm IFRS 9 agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú tobann ar chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 na n-institiúidí. Cé go bhfuil plé fós ar bun maidir le láimhseáil rialála soláthairtí san fhadtéarma, ba cheart socruithe idirthréimhseacha a ghlacadh i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lenar féidir leis na h-institiúidí an tionchar diúltach suntasach féideartha ar chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 ar siocair dó cuntasaíocht um chaillteanas creidmheasa ionchasach a mhaolú.

³ Rialachán (AE) 2016/2067 an 22 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 (IO L 323, 29.11.2016, lch. 1).

(4) I gcás ina léirítear laghdú ar chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 i gclár comhardaithe tosaigh institiúide ón lá a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair in 2018 mar gheall ar sholáthairtí méadaithe le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha (glan ar éifeacht chánach) le hais clár comhardaithe deiridh an lae roimh sin, ba cheart cead a thabhairt don institiúid cuid de na soláthairtí méadaithe le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a áireamh ina chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 ar feadh idirthréimhse. Ba cheart idirthréimhse 5 bliana a bheith i gceist leis sin, a thosóidh ar an gcéad lá de chuid na bliana 2018 a gcuirfidh an institiúid IFRS 9 i bhfeidhm. Ionas gur féidir cur chun feidhme iomlán a áirithiú ar an gcéad lá a leanfaidh deireadh na hidirthréimhse, is ceart an chuid sin de na soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha is féidir a áireamh ar an gcaipiteal gnáthchothromas leibhéal 1 a laghdú de réir a chéile go nialas.

(5) Ba cheart do na hinstitiúidí a chinneadh cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear na socruithe idirthréimhseacha sin i bhfeidhm agus an t-údarás inniúil a chur ar an eolas dá réir. D'fhonn an tionchar diúltach suntasach féideartha ar chaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 ar siocair dó cuntaíocht um chaillteanas creidmheasa ionchasach a mhaolú, ba cheart deis a bheith ag institiúid le linn na hidirthréimhse a céad chinneadh forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le tabhairt isteach IFRS9 a chur i bhfeidhm a athrú, ach cead a bheith faighte aici roimh ré ón údarás inniúil, ar cheart dó a áirithiú nach ndéanfar cinneadh mar sin mar gheall ar bhreithnithe arbatráiste rialála.

(6) Ós rud é go bhféadfadh méadú suntasach teacht gan choinne ar na soláthairtí a tabhaíodh tar éis an chéad lá de chuid na bliana 2018 a gcuirfidh an institiúid IFRS 9 i bhfeidhm mar gheall ar thuar maicreacnamaíoch a dhul in olcas, ba cheart faoiseamh breise a thabhairt d'institiúidí i gcásanna mar sin trí shocruithe idirthréimhseacha. Go sonrach, i gcás ina dtéitear os cionn tairseach faoi leith le soláthairtí nuathabhaithe le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha institiúide – ar cheart iad a shainiú mar chéatadán de líon iomlán soláthairtí Chéim I agus Chéim 2 ar an lá a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair – ba cheart cead a bheith ag an institiúid an chuid de na soláthairtí nuathabhaithe a théann os cionn na tairsí sin a áireamh sa mhéid is féidir cur lena caipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1.

(7) Ba cheart a cheangal ar institiúidí a bhaineann tairbhe as socruithe idirthréimhseacha lena ndírítear ar an tionchar a bheidh ag soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar an gcaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 a dhéanamh níos socra go ndéanfaidís ríomh na míreanna rialála a bhfuil tionchar díreach ag soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha orthu a choigeartú lena áirithiú nach mbeidh faoiseamh caipitil mhíchuí á fháil acu. Mar shampla, ba cheart na coigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa lena laghdaítear luach na neamhchosanta faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa a laghdú bunaithe ar fhactóir a fhágfaidh méadú ar luach na neamhchosanta. D’áiritheofaí leis sin nach mbainfeadh institiúid tairbhe as méadú ar an gcaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 mar gheall ar shocruithe idirthréimhseacha ná as luach neamhchosanta laghdaithe araon.

(8) Ba cheart d’institiúidí a gcóimheasa caipitil agus a gcóimheas gearála a nochtadh go poiblí, is cuma cé acu a fheidhmítear nó nach bhfeidhmítear socruithe idirthréimhseacha IFRS 9 an Rialacháin seo, chun go mbeidh an pobal in ann tionchar na socruithe sin ar na cóimheasa sin a chinneadh. I gcás ina gcinneann institiúid gan socruithe idirthréimhseacha mar sin a chur i bhfeidhm, níor cheart ceangal a chur uirthi éifeacht na socruithe sin a nochtadh.

(9) Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh do shocruithe idirthréimhseacha don díolúine ón teorainn ar neamhchosaint mhór a bhíonn ar fáil i gcás neamhchosaintí ar fhiachas áirithe earnála poiblí de chuid Ballstáit a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí baile de chuid na mBallstát iad. Idirthréimhse trí bliana is ceart a bheith ann ón 1 Eanáir 2018 amach i gcás neamhchosaintí den chineál sin a tabhaíodh ar an [cuirfear an dáta glactha isteach nuair a fhoilseofar an téacs] nó tar éis an dáta sin, agus ba cheart neamhchosaintí den chineál sin a thabhaítear roimh an dáta sin a mharthanú agus ba cheart tairbhe a bheith le fáil i gcónaí acu as an díolúine maidir le neamhchosaintí móra.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana, lena n-áirithítear ceanglais stuamachta a bhfuil feidhm acu maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar fud an Aontais, a dhaingniú agus a athscagadh, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar seo a leanas:

- (1) Cuirtear isteach Airteagal 473a nua i ndiaidh Airteagal 473 mar seo a leanas:

“Airteagal 473a

Tabhairt isteach IFRS 9

1. De mhaolú ar Airteagal 50, go dtí deireadh na hidirthréimhse a leagtar amach i mír 6, institiúidí a ullmhóidh a gcuntais i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta cuntasáíochta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, institiúidí a dhéanann, de bhun Airteagal 24(2), luacháil ar shócmhainní agus ar mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus a chinneann a gcistí dílse i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta cuntasáíochta a glacadh de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 agus institiúidí a dhéanann luacháil ar shócmhainní agus ar mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE agus a bhaineann úsáid as samhail le haghaidh cailiteanais chreidmheasa ionchasacha atá ar aon dul leis an gceann a úsáideadh sna caighdeáin chuntasaíochta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, féadfaidh na hinstitiúidí sin a áireamh ina gcaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 pé suim a ríomhtar nuair a chuirtear le chéile iad seo a leanas:

- (a) i gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, an tsuim (AB_{SA}) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle a leanas:

$$AB_{SA} = (A_{2,SA} + A_{4,SA}) \cdot f$$

nuair atá:

A_2 = an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le mír 2;

A_4 = an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le mír 4, bunaithe ar na suimeanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3;

f = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

(b) i gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, an tsuim (AB_{IRB}) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle a leanas:

$$AB_{IRB} = (A_{2,IRB} + A_{4,IRB}) \cdot f$$

nuair atá:

$A_{2,IRB}$ = an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 a ndéantar coigeartú uirthi i gcomhréir le pointe (a) de mhír 5;

A_4 = an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le mír 4, bunaithe ar na suimeanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3 a ndéantar coigeartú orthu i gcomhréir le pointe (b) agus pointe (c) de mhír 5;

f = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

2. I gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí agus i gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, ríomhfaidh na hinstiúidí ar leithligh suim $A_{2,SA}$ agus suim $A_{2,IRB}$ dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 faoi seach mar an tsuim sin is mó de na suimeanna a luaitear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo:

(a) nialas;

(b) an tsuim iarchánach arna ríomh i gcomhréir le pointe (i) lúide an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le pointe (ii):

- (i) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse dhá mhí dhéag a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ... ón gCoimisiún agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ... ón gCoimisiún ón 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair;
- (ii) méid iomlán na gcaillteanas lagaithe ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar iasachtaí agus earraí infhaighte, infheistíochtaí arna sealbhú go tráth aibíochta agus sócmhainní airgeadais atá ar fáil lena ndíol agus nach ionstraimí gnáthscaireanna iad, mar a shainmhínítear i mír 9 de IAS 39, a chinntear i gcomhréir le míreanna 63, 64, 65, 67, 68 agus 70 de IAS 39 de Rialachán (CE) Uimh 1126/2008 ón gCoimisiún, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2017 nó ar an lá roimh an dáta a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair.

3. I gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí agus i gcás a neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, ríomhfaidh na hinstiúidí ar leithligh an tsuim iarchánach lena sáraíonn an tsuim dá dtagraítear i bpointe (a) an tsuim dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

- (a) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse dhá mhí dhéag a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A de Rialachán (AE) 2016/2067 ón gCoimisiún mar a bheidh ar an lá a ndéanfar an tuairisciú.

(b) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse dhá mhí dhéag arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil arna cinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear sin in Iarscríbhinn A de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún mar a bheidh ar 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a gcuirfear i bhfeidhm IFRS 9 den chéad uair.

4. Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, i gcás inar mó an tsuim iarchánach arna ríomh i gcomhréir le mír 3 ná 20% den tsuim iarchánach a shonraítear i bpointe (b) den mhír sin, socróidh na hinstitiúidí $A_{4,SA}$ chun gur comhionann é agus suim dhearfach ar bith a thiocfaidh den ríomh i gcomhréir le mír 3 agus ar airde í ná 20% den tsuim iarchánach le haghaidh na neamhchosaintí sin de réir mar a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3; sin nó socróidh siad $A_{4,SA}$ chun gur cothrom le nialas é.

Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, i gcás inar mó an tsuim iarchánach – arna ríomh i gcomhréir le mír 3 agus tar éis pointe (b) agus pointe (c) de mhír 5 a chur i bhfeidhm ina leith – ná 20% den tsuim iarchánach a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3 sula gcuirtear i bhfeidhm pointe (c) de mhír 5, socróidh na hinstitiúidí $A_{4,SA}$ chun gur comhionann é agus suim dhearfach ar bith a thiocfaidh den ríomh i gcomhréir le mír 3 – tar éis pointe (b) agus pointe (c) de mhír 5 a chur i bhfeidhm ina leith – agus ar mó an tsuim sin ná 20% den tsuim iarchánach le haghaidh na neamhchosaintí sin de réir mar a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3 sula gcuirtear i bhfeidhm pointe (c) de mhír 5; sin nó socróidh siad $A_{4,SA}$ chun gur cothrom le nialas é.

5. Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm míreanna 2 go 4 mar a leanas:

- (a) maidir le ríomh $A_{2,IRB}$, laghdóidh na hinstitiúidí gach ceann de na méideanna arna ríomh i gcomhréir le pointe (b)(i) agus (ii) de mhír 2 trí iomlán an chaillteanais ionchasaigh a bhaint as arna ríomh i gcomhréir le Airteagal 158(5), (6) agus (10) ar an 31 Nollaig 2017 nó lá amháin sula gcuirfear i bhfeidhm IFRS 9 den chéad uair. I gcás inar uimhir dhiúltach a bheidh sa tsuim dá dtagraítear i bpointe (b)(i) de mhír 2, socróidh an institiúid luach an mhéid dá dtagraítear i bpointe (b)(i) de mhír 2 ag nialas. I gcás inar uimhir dhiúltach a bheidh sa tsuim dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) de mhír 2, socróidh an institiúid luach an mhéid dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) de mhír 2 ag nialas;

- (b) maidir leis an tsuim a ríomhfar i gcomhréir le pointe (a) de mhír 3, cuirfidh na hinstitiúidí ina háit sin iomlán na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse dhá mhí dhéag arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún mar aon le hiomlán an lamháltais caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún lúide iomlán an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na neamhchosaintí céanna sin arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5),(6) agus (10) mar a bheidh ar an lá a ndéanfar an tuairisciú. I gcás inar uimhir dhiúltach a thiocfaidh den ríomh, socróidh an institiúid luach an mhéid a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 3 ag nialas;
- (c) maidir leis an tsuim a ríomhfar i gcomhréir le pointe (b) de mhír 3, cuirfidh na hinstitiúidí ina háit sin iomlán na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse dhá mhí dhéag arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún mar aon le hiomlán an lamháltais caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2067 ón gCoimisiún mar a bheidh ar 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a gcuirfear i bhfeidhm IFRS 9 den chéad uair lúide iomlán an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na neamhchosaintí céanna sin arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5),(6) agus (10). I gcás inar uimhir dhiúltach a thiocfaidh den ríomh, socróidh an institiúid luach an mhéid a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 3 ag nialas.

6. Cuirfidh na institiúidí na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm chun an tsuim AB_{SA} agus AB_{IRB} dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 a ríomh:

(a) 0,95 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018;

(b) 0,85 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019;

(c) 0,7 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(d) 0,5 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(e) 0,25 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2018 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, déanfaidh siad na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír den mhír seo a choigeartú chun go mbeidh siad ag comhfhreagairt leis an mbliain airgeadais acu, cuirfidh siad na dátaí coigeartaithe sin in iúl dá n-údarás inniúil féin, agus déanfaidh siad iad a nochtadh. I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2018 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, is í 2018 a mheasfar ina bliain tosaigh acu le linn na hidirthréimhse.

7. I gcás ina gcuireann institiúid, i gcomhréir le mír 1, suim san áireamh ina caipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1, ríomhfaidh an institiúid an athuair na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE a úsáideann aon cheann de na míreanna seo a leanas sa mhéid nach gcuirtear san áireamh leo na héifeachtaí atá ar na míreanna sin ag na soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a chuir sí san áireamh ina caipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1:

- (a) méid na sócmhainní cánach iarchurtha a asbhaintear as caipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(c) nó a ualaítear ó thaobh riosca de i gcomhréir le hAirteagal 48(4);
- (b) luach na neamhchosanta i gcomhréir le hAirteagal 111(1)

I dtaca leis na coigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa lena laghdófar luach na neamhchosanta, déanfar iad a iolrú faoin bhfachtóir scálúcháin (sf) seo a leanas:

$$sf = 1 - \frac{AB_{SA}}{RA_{SA}}$$

nuair atá:

AB_{SA} = an tsuim iarchánach a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1;

RA_{SA} = iomlán iarchánach na gcoigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa.

- (c) iomlán na míreanna leibhéal 2 a ríomhtar i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 62;

8. Le linn na tréimhse a leagtar amach i mír 1, chomh maith leis an bhfaisnéis nach mór a nochtadh faoi Chuid a hOcht, nochtfaidh gach institiúid a chinneann an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm méid a gcuid cistí dílse, a gcaipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1, a gcaipiteal leibhéal 1, a gcóimheas caipitil ghnáthchothromas leibhéal 1, a gcóimheas caipitil chaipiteal leibhéal 1, mar aon leis an gcóimheas caipitil iomlán agus leis an gcóimheas gearála a bheadh acu i gcás nach gcuirfidís i bhfeidhm an tAirteagal seo.

Eiseoidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte faoin [31 Nollaig 2017] i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos san Airteagal seo.”

9. Cinnfidh institiúid cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo i rith na hidirthréimhse agus cuirfidh sí in iúl don údarás inniúil a cinneadh faoin [aon mhí amháin ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm an Rialachán seo]. Le linn na hidirthréimhse, féadfaidh institiúid, ar bhonn aon uaire, a cinneadh a leasú chun forálacha idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach san Airteagal seo, i gcás ina bhfuil cead faighte roimh ré aici ón údarás inniúil. Nochtfaidh institiúidí an cinneadh a glacadh i gcomhréir leis an bhfomhír seo.

Aon institiúid a chinn an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí a chinneadh gan mír 4 a chur i bhfeidhm; sa chás sin cuirfidh sí an cinneadh sin in iúl don údarás inniúil faoin [aon mhí amháin ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm an Rialachán seo]. I gcás den sórt sin, socróidh an institiúid A₄ i mír 1 ag nialas. Le linn na hidirthréimhse, féadfaidh institiúid an chéad chinneadh a rinne sí a fhreascur aon uair amháin agus mír 4 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil cead faighte roimh ré aici ón údarás inniúil sin a dhéanamh. Nochtfaidh institiúidí an cinneadh a glacadh i gcomhréir leis an bhfomhír seo.

(3) Cuirtear na míreanna seo a leanas (4, 5, 6 agus 7) le hAirteagal 493:

“4. De mhaolú ar Airteagal 395(1), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúidí aon cheann de na neamhchosaintí a liostaítear i mír 5 a thabhu má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 6, gan dul thar na teorainneacha seo a leanas:

- (a) 100% de chaipiteal leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2018;
- (b) 75% de chaipiteal leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2019;
- (c) 50% de chaipiteal leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2020.

Beidh feidhm ag na teorainneacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír maidir le luachanna neamhchosanta ach a gcuirfear san áireamh éifeacht an mhaolaithe riosca creidmheasa i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403.

5. Beidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar síos i mír 4 maidir leis na neamhchosaintí seo a leanas:

- (a) míreanna sócmhainne ar éilimh iad ar rialtais láir, ar bhainc cheannais nó ar eintitis earnála poiblí na mBallstát;
- (b) míreanna sócmhainne ar éilimh iad a thugann anonn na ráthaíochtaí follasacha atá ag rialtais láir, ag bainc cheannais nó ag eintitis earnála poiblí na mBallstát
- (c) neamhchosaintí eile atá inchurtha i leith rialtais láir, bainc cheannais, nó eintitis earnála poiblí na mBallstát, nó arna ráthú acu;
- (d) míreanna sócmhainne ar éilimh iad ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar an rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2);
- (e) neamhchosaintí eile ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát, nó arna ráthú acu, a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar an rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2).

Chun críocha phointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i mír 4 ach amháin maidir le míreanna sócmhainne agus neamhchosaintí eile ar eintitis earnála poiblí, nó arna ráthú acu, a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil i gcomhréir le Airteagal 116(4). I gcás ina láimhseálfadh rialtais réigiúnach nó údarás áitiúil míreanna sócmhainne agus neamhchosaintí eile ar eintitis earnála poiblí, nó arna ráthú acu, mar neamhchosaintí i gcomhréir le hAirteagal 116(4), ní bheidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i mír 4 ach amháin nuair a láimhseáiltear neamhchosaintí ar an rialtais réigiúnach nó ar an údarás áitiúil sin mar neamhchosaintí ar an rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2).

6. Ní bheidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i mír 4 ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh neamhchosaint dá dtagraítear i mír 5 na coinníollacha seo a leanas uile:

- (a) shannfaí ualach riosca 0 % don neamhchosaint i gcomhréir le hAirteagal 495(2) mar a bhí roimh an 1 Eanáir 2018;
- (b) ar an [dáta glactha le cur isteach nuair a fhoilseofar an téacs] nó i ndiaidh an dáta sin a tabhaíodh an neamhchosaint.

7. Neamhchosaint dá dtagraítear i mír 5 a tabhaíodh roimh an [dáta glactha le cur isteach nuair a fhoilseofar an téacs] agus dar sannadh ualú riosca 0 % i gcomhréir le hAirteagal 495(2) ar an 31 Nollaig 2017, díolmhófar í ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1).”

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2018.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán
